

## Obair Dhílis Scoláirí a Chur chun Cinn Na Topaicí IES a fhiosrú

- Roghnaigh an topaic

I gcás IES, éilítear ar an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar thopaic nó saincheist a bhaineann leis an eolaíocht agus an tionchar (bíodh sé dearfach nó diúltach) a imríonn sí ar an tsochaí agus / nó ar an timpeallacht. D'fhéadfadh go mbeadh baint dhíreach ag an ábhar a roghnaítear le sain-inneachar de chuid na chúrsa nó d'fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh ar saincheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil leis, ar an gcuntar go mbaineann sí na réimsí bhfuil breac-chuntas tugtha thíos:

- ~ Feidhm eolaíochta theicniúil
- ~ Feidhm eolaíochta a imríonn tionchar ar shláinte an duine
- ~ Feidhm eolaíochta a imríonn tionchar ar an gcomhshaol
- ~ Feidhm eolaíochta a imríonn tionchar ar an tsochaí.

Is tábhachtach an rud é gur féidir taighde a dhéanamh ar an topaic a roghnaithe, go bhfuil bonn slán fúithi ó thaobh na tuisceanna agus na smaointe eolaíochta, agus gur féidir í a athrú ina ceist.

- Socraigh an cheist taighde ar Leith

Is cóir go mbeidh an taighde a dírithe ar fhreagairt do cheist taighde atá dea-sainmhínithe. Féadtar arbhreithniú a dhéanamh an gceist taighde nó í a athrú de réir mar a thosaíonn an scoláire ag déanamh taighde agus ag lorg eolais faoin topaic a roghnaithe.

Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, Lch 27-28

“Ciallaíonn feidhm eolaíochta aon úsáid a bhaintear as eolas eolaíochta ar son cuspóir ar leith, cibé acu é chun tuilleadh eolaíochta a dhéanamh; chun táirge, próiseas nó cóir leighis a dhearadh; chun teicneolaíocht nua a fhorbairt; nó chun éifeachtaí gníomhaíochtaí daonna a thuar.

Baineadh úsáid as feidhmeanna eolas agus cleachtais eolaíochta i réimsí amhail míochaine agus talmhaíocht, agus chuir siad leis na teicneolaíochtaí agus leis na córais a thacaíonn leo agus a fhreastalaíonn orainn lenár linn. De bharr léargais a fuarthas ó fhionnachtana eolaíochta, tháinig athrú sa chaoi a dtógtar foirgnimh, droichid agus cathracha; athraíodh oibríochtaí i monarchana, tháingthas ar mhodhanna nua chun fuinneamh a ghiniúint agus a dháileadh; agus cruthaíodh modhanna nua taistil agus cumarsáide.

Chuir léargais eolaíochta bonn eolais faoi mhodhanna táirgeadh bia, diúscairt dramhaíola, agus diagnóis agus cóireáil ar ghalair. Is é sin le rá, bíonn éifeacht ag dearaí teicneolaíochtaí agus córais a bhíonn eolaíochtbhunaithe nó feabhsaithe ag an eolaíocht ar na slite a mbíonn daoine ag plé lena chéile agus leis an gcomhshaol, agus dá réir sin bíonn tionchar mór ag na dearaí seo ar an tsochaí.”

An Creat um an Oideachas Eolaíochta; Cleachtais, Coincheapa agus Smaointe Comhuainíochta.  
(Ar fáil ag <https://www.nap.edu/read/13165/chapter/12>)

## Do chuid Smaointe a Fhiosrú.

Bain úsáid as na spásanna thíos chun feidhmeanna áirithe eolaíochta a liostú a bhfuil tú eolach orthu.

Feidhm de chuid na heolaíochta a mbíonn tionchar aici ar an gcomhshaol

Feidhm de chuid na heolaíochta a mbíonn tionchar aici ar an tsochaí

Feidhm de chuid na heolaíochta a bhaineann leis an teicneolaíocht

Feidhm de chuid na heolaíochta a mbíonn tionchar aici ar shláinte an duine

**Anois cuir ciorcal thart ar an 2 thopaic is mó a bhfuil spéis agat iontu.**

I gcomhair an dá thopaic is mó a bhfuil spéis agat iontu, scríobh síos **cad é** ar mhaith leat níos mó eolais a bheith agat air agus **cén fáth** ar mhaith leat an t-eolas sin a fháil.

Scríobh do thopaic anseo

Cad é?

Cén fáth?

Scríobh do thopaic anseo

Cad é?

Cén fáth?

1. In bhur bpéirí, roinnigí gach ceann de na smaointe atá agaibh ar thopaicí.
2. Mínigh cén ghné is mó a bhfuil suim agat inti agus cén fáth is dóigh leat í a bheith suimiúil.
3. Cuirigí ceisteanna ar a chéile – seans gur mhaith leat na leideanna seo a leanas le cabhrú leat:

Cad é atá a fhios agat cheana faoi ....?

Cén áit a bhfaighfeá tuilleadh eolais faoi ....?

Cad iad na ceisteanna a ardaíonn an topaic seo ionat?

4. Nuair a bheidh sibh réidh leis an bplé, líon isteach an bosca thíos.

An topaic ar mhaith liom níos mó eolais a fháil fúithi

Roinnt fothopaicí a thig liom a fheiceáil

Roinnt ceisteanna atá agam fós



## Na Chéad Chéimeanna Eile?

In Agusín 2 de na Treoirínte Measúnaithe (Ich. 38) faightear an teimpléad seo, chun cabhrú le meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht topaice le haghaidh imscrúdaithe.

### Topaic Shamplach 1:

An mbaineann an topaic seo leis an gcúrsa, an bhfuil suim phearsanta ag an scoláire inti, nó an bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi sa cheantar áitiúil?

An féidir taighde a dhéanamh ar an topaic?

An bhfuil bonn slán eolaíochta faoin tuiscint agus faoi na smaointe?

An bhfuil dhá thaobh, nó níos mó ná sin, leis an scéal?

An féidir í a athrú ina ceist taighde ar leith?

Conclúid: